 gl Shachuin gleacy milish sbleáuin.  
 cl Is clúiti an galar an grá.  
 cl A cleachta na gleas a ví an cleasy.  
 ghl Bíng do ghlór ón bíng do ghlór.  
 ghl Tá ceó er na cnocuiv is er hív an ghleana.  
 chl A Chlana na Ngäl 's a ghälte ár guirp.  
 chl Tá galar féin chlí ná díbrid leá er bih uem.  
 gr Griàsy ab ea Shiàna.  
 cr Ví shé a crih le hagala.  
 ghr Ca vuil do ghriháir, a Vrien ?  
 chr Ahirish er Chríost.  
 sg Sgaip an sgy is sguíl an sguén.

*Combinations of Sounds.*

- br Súlín beag breac an bhricín bhig bhric.  
 pr Ní raibh éinne á priocadh ach í á leogaint uirthé.  
 vr A bhréithre ba bhinne ná éanluith na coille.  
 fr Gearram ó phréimh an daoirse go léir amach.  
 mr Ní sdoc go mbreacaid siad.  
 gl Éist, a bhean, agus glac gach nídh go suaire.  
 gl Seachain gleacaidhe mílis sleamhain.  
 cl Is claidhte an galar an grádh.  
 cl Ag cleachdadh na gcleas a bhí an cleasaidhe.  
 ghl Binn do ghlór ón binn do ghlór.  
 ghl Tá ceó ar na cnocaibh is ar thaoibh an ghleanna.  
 chl A Chlanna na nGaedheal 's a ghaolta ár gcuirp.  
 chl Tá galar féim' chlí ná díbrid leagha ar bith uaim.  
 gr Gréasaidhe ab eadh Séadna.  
 cr Bhí sé ag crith le heagla.  
 ghr Cá bhfuil do dhriotháir, a Bhriain.  
 chr Aithris ar Chríost.  
 sg Sgaip an sgaoi is sgaoil an sguain.

## MALÀCHT CHOLAMCILI.

Ví Colamcili a gváil a bóhar lá agus a ghiula lena chosh. Do vuel fear er a móhar úmpa. Do veana shé ghóiv agus do veanydar do-sun.

—Ca vuil do hrial ? ersa Colamcili lesh.

—Táim ag aishdriú, er shishan.

—Canahäv go vuilir ag aishdriú ? ersa Colamcili.

—Mar ví ag eirí go mah lium san áit a ví agùm, er shishan, agus ba vah lium áit is fairshingí ná é áil.

—Mo valàcht ort ! ersa Colamcili.

D'imig an fear. Do chomáineadar Colamcili agus a ghiula leó. Níor v'ada gur vuel fear eli er a móhar úmpa. Do veanydar dá chéli.

—Ca vuil do hrial ? ersa Colamcili lesh a dara fear.

—Táim ag aishdriú, er shishan.

—Canahäv go vuilean tú ag aishdriú ? ersa Colamcili.

—Mar ní roiv ag eirí lium le fada san áit a ví agùm agus do heasduig uem áit ab'eár ná é, er shishan.

—Mo valàcht ort ! ersa Colamcili.

—Do chomáineadar leo irísh. Nuer a víodar a shúl er feag tamuil, agus gan focal à biàl an ghiula, do louir Colamcili lesh.

—Cad tá ort ? er shishan lesh a ngiula.

—Níl ärod oram, ersan giula.

—Canahäv ná louran tú, má shea ? ersa Colamcili.

—Mar táim a machnav, ersan giula.

—Cad er go vuilir a machnav ? ersa Colamcili.

—Er an rod a duaruísh lesh a mert ear, ersan giula.

—Conas sun ? ersa Colamcili.

—Mar ní higim é, er shishan.

## MALLACHT CHOLMCILLE.

Bhí Colmille ag gábhail an bóthar lá agus a ghiolla lena chois. Do bhuail fear ar an mbóthar iompa. Do bheannaigh sé dhóiv, agus do bheannuigheadar do san.

—Cá bhfuil do thriall? arsa Colmille leis.

—Táim ag aistriú, ar seisean.

—Cad 'na thaobh go bhfuilir ag aistriú? arsa Colmille.

—Mar bhí ag éirighe go maith liom san áit a bhí agam, ar seisean, agus ba mhaith liom áit is fairsinge ná é fhághail.

—Mo mhallacht ort! arsa Colmille.

—D'imthigh an fear. Do chomáineadar Colmille agus a ghiolla leo. Níor bh'fhada gur bhuail fear eile ar a mbóthar umpa. Do bheannuigheadar dá chéile.

—Cá bhfuil do thriall? arsa Colmille leis an dtara fear.

—Táim ag aistriú, ar seisean.

—Cad 'na thaobh go bhfuileann tú ag aistriú? arsa Colmille.

—Mar ní raibh ag éirighe liom le fada san áit a bhí agam, agus do theasduigh uaim áit ab fhearr ná é, ar seisean.

—Mo mhallacht ort! arsa Colmille.

Do chomáineadar leo arís. Nuair a bhíodar ag siubhal ar feadh tamaill agus gan focal as béal an ghiolla, do labhair Colmille leis.

—Cad tá ort? ar seisean leis an ngiolla.

—Níl aon rud orm, arsan giolla.

—Cad 'na thaobh ná labhran tú, má's eadh? arsa Colmille.

—Mar táim ag machtnamh, arsan giolla.

—Cad air go bhfuilir ag machtnamh? arsa Colmille.

—Ar an rud a dubhraís leis an mbeirt fhear, arsan giolla.

—Conas sun? arsa Colmille.

—Mar ní thuigim é, ar seisean.

— Cad duart ná tuigean tú ? ersa Colamcili.

— Do chuirish do valàcht er a giàd ear, er shishan.

— Do chuireas, ersa Colamcili.

— Canahäv gur chuirish ? ersan giula.

— Toshe nár àn shé mar a roiv ige nuer a ví ag eirí lesh, ersa Colamcili.

— Canahäv mar shin gur chuirish do valàcht er a dara fear ? ersan giula.

— Toshe nár imi shé fadó nuer ná roiv ag eirí lesh ! ersa Colamcili.

### RY ÉREAN.

Do ví ry a Néring heas anso,

Do ví poitín agus gad ige,

Agus ráingín ró-gheas ige,

Do vuin shé fóidín lesh a ráingín.

Do ví nidín sa vóidín,

Do ví uivín sa nidín,

Do ví énin san uivín,

Ní roiv àn creabal er an énin shin,

Agus dá mèach creabal er an énin shin,

Do vèach creabal er mo shgélín-shi ;

Agus ní vuaras dá vár ach sdocy láingér,

Agus bróga páipér agus gártaerí baingi ruír.

### NÁ BÍ SBRIÚNLUIHI.

Còirli huguim oit aruiri chialvuir ghlic,

Do shguling do chahav, ná cuiniv do chliav 'na ceal,

Gan casba gan umarca cuiniv a trian ad ghlaic,

'S gur mèirig an duini ná buinhach an iasacht às.

Ní abaruim leat veh leav ná sbadánte,

Ach í chahav a geart an veart is foláini.

Fear a chueg go dí an t-änach agus háini shé availi um hránhóna agus é a titim lesh an ocaras. Do ví

— Cad dubhart ná tuigeann tú ? arsa Colmeille.

— Do chuiris do mhallacht ar an gcéad fhear, ar seisean.

— Do chuireas, arsa Colmeille.

— Cad 'na thaobh gur chuiris ? arsan giolla.

— Toisc nár fhan sé mar a raibh aige nuair a bhí ag éirighe leis, arsa Colmeille.

— Cad 'na thaobh, mar sin, gur chuiris do mhallacht ar an dtara fear ? arsan giolla.

— Toisc nár imthigh sé fadó nuair ná raibh ag éirighe leis ! arsa Colmeille.

### RÍ ÉIREANN.

Do bhí rí i nÉirinn theas anso,

Do bhí poitín agus gad aige,

Agus rámhainnín ró-dheas aige,

Do bhain sé fóidín leis an rámhainnín.

Do bhí nidín sa bhfóidín,

Do bhí uibhín sa nidín,

Do bhí éinín san uibhín,

Ní raibh aon earball ar an éinín sin,

Agus dá mbeadh earball ar an éinín sin,

Do bheadh earball ar mo sgéilín-se,

Agus ní bhfuaras dá bharr ach sdocaí láinnéir,

Agus bróga páipéir agus gártaerí bainne ramhair.

### NÁ BÍ SBRIONNLUITHE.

Comhairle a thugaim dhuit, a fharaire chiallmhair  
ghlic,

Do sgilling do chaitheamh, ná congaibh do chliabh  
'na ceal,

Gan easbaidh, gan iomarca, congaibh an tsrian ad'  
ghlaic,

'S gur mairg an duine ná bainfeadh an iasacht as.

Ní abraim leat bheith leamh ná sbadánta,

Ach í chaitheamh i gceart an bheart is folláine.

Fear a chuaidh go dtí an t-aonach, agus tháinig  
sé abhaile um thráthnóna agus é ag tuitim leis an



shgiling ige agus é a fáguint an tí er maidin, agus ví an shgiling chiána 'na fóca ige nuer a háini shé availi ; ní leocach a chry ghò í chahav. Fuer shé rod le n'ól agus le n'íhi óna vâhir, ach duert shishi lesh gan beart den tórd sun do ghiánav go deó irish. "Pé rod imeóig ort," er shishi, "ná bí sbriúnluihi." Agus duert shí an raun sun huas.

### FUJIN A TUIR.

Fear a ví a rohycht lá ó Machroumha go Biáláhanghärhig agus háinig cioh básdí anuas go hoban er. Ví tor a fás er häv a vóhir. Do lém an rohy den rohar agus do ghin shé fé ghen a tuir.

—Túir fuhin dom, er shishan lesh a dör.

—Túrhad fuhin doit faid is fuhin dom fén, ersan tor.

Shé cial atá lesh a gayint shin ná go mèach fuhin ig an rohy go dí go mèach an tor a shili.

Do hínshag an shgélín shin don Ahir Peaduir Ó Laeri, beanàcht Dé len' anam, tránhóna sa vôr sa vlien míli ná giäd a nä diäg agus é 'na hí a n-aici an chuen a Nún Laeri. "Mah an díon an chräv faid is díon di fén," er shishan.

### EIRÍ A N-ÁIRDI.

Fear bocht a ví aun agus d'eiri shé chun veh ana-hevir. Diarmuid Ó Brien ab ainim dò, agus ba lag lesh an ainim shin. Ví shé er díngear ig sagart lá, agus d'iar shé er a sagart ainim eli a vaishdí er. Fear galánta macánta gan än eirí a n-áirdi ab ea an sagart, agus do reaguir shé mar sho é:—

Ní hÓ Brien do vórd ná do chupán,  
 Agus ní hÓ Brien do hrian ná do ghearán,  
 Agus ní hÓ Brien do chouil ná idir do ghá  
 hlingeán,  
 Ach baishdim ort Diarmín Ó Coyráin.

ocras. Do bhí sgilling aige agus é ag fágaint an tigh ar maidin, agus bhí an sgilling chéadna 'na phóca aige nuair a tháinig sé abhaile; ní leigfadh a chroidhe dho í chaitheamh. Fuair sé rud len' ól agus len' ithe óna mháthair, ach dubhairt sise leis gan beart den tsórd san do dhéanamh go deó arís. "Pé rud imtheóig ort," ar sise, "ná bí sbrionnluighthe." Agus dubhairt sí an rann san thuas.

### FUITHIN AN TUIR.

Fear a bhí ag rothaidheacht lá ó Maghchromtha go Béal Atha an Ghaorthaigh agus tháinig ciath báisidige anuas go hobann air. Bhí tor ag fás ar thaobh an bhóthair. Do léim an rothaidhe den rothar agus do dhein shé fé dhéin an tuir.

— Tabhair fuithin dom, ar seisean leis an dtor.

— Tabharfad fuithin duit faid is fuithin dom féin, arsan tor.

'Sé ciall atá leis an gcainnt sin ná go mbeadh fuithin ag an rothaidhe go dtí go mbeadh an tor ag síle.

Do hinnseadh an sgéilín sin don Athair Peadar Ó Laoghaire, beannacht Dé lena anam, tráthnóna sa bhfóghmhar sa bhliain míle naoi gcéad a naoi déag agus é 'na shuidhe a n-aice an chuain i nDún Laoghaire. "Maith an díon an chraobh faid is díon di féin," ar seisean.

### ÉIRIGHE I N-ÁIRDE.

Fear bocht a bhí ann agus d'éirigh sé chun bheith ana-shaidhbhir. Diarmaid Ó Briain ab ainm do, agus ba lag leis an ainm sin. Bhí sé ar dinnéar ag sagart lá agus d'iarr sé ar an sagart ainm eile bhaisdeadh air. Fear galánta macánta gan aon éirighe i n-áirde ab eadh an sagart agus do fhreagair sé mar seo é:—

Ní hÓ Briain do bhórd ná do chupán,

Ní hÓ Briain do shrian ná do ghearrán,

Agus ní hÓ Briain do chabhail ná idir do dhá shlinneán,

Ach baisdim ort Diarmín Ó Caoráin.

## AN GRIÀSY.

Is faruiri faun tu gan fiàsóg,  
 Fear meanuihí râuur agus briàn-vróg,  
 Is folas don cheauntar gur fada veg breaul ort,  
 Drohad na Baundan is liarbóid.

Bunús na cayinti shin: Do vuel Cearúl Ó Dála, an fili, ishdeàch chun tig griàsy maidin Dé Dônuig. Do ví an griàsy piucuihi beárha ruimish. Duert an griàsy ná fiatach Cearúl raun a cheapa go mèach na focuil "Drohad na Baundan" agus "liarbóid" aun.

— Diànhad, ersa Cearúl.

— Cuirim geaul leat ná diànhir, ersan griàsy, agus do chuir shé púnt airigid er a mórd. Do chuir Cearúl púnt eli er, agus do chimeád shé a lâv orha. Duert shé an raun san, agus do shgiub shé lesh an dá fúnt.

## SHEANOCUIL.

Ní hiad na fir vuara a vuinean an fôr.

An cónggar chun an víg agus an tímpal chun na hebiri.

An fear láidir nuer is mah lesh é, agus an fear lag nuer iata shé.

(Míniú er shin: is fédir lesh a veav go mèach an chour agus an cúnnav ige rod a ghiànav nuer is mah lesh fén, ach an té ná bèach couir ná cúnnav ige, ní muar dò an rod a ghiànav pé uer iata shé é ghiànav.)

Duini a maili nú baili a bróshdi.

(Míniú: dá mèach droh-ghuini a maili, do chosanóch na duíni eli iad fén er, agus dá mèach drohvaili a bróshdi do chosanóch na bailti eli iad fén er a nroh-vaili shin.)

Is bíng biàl er shúl, ach níor ghin biàl 'na chônny âyileas ryav.

## AN GRÉASOIDHE.

Is faraire fann tu gan féasóg,  
Fear meanuithí ramhar agus bréan-bhróg,  
Is follas don cheanntar gur fada bheidh breall ort,  
Droichead na Banndan is liathróid.

Bunadhas na cainte sin : Do bhuail Cearbhall Ó Dálaigh, an file, isdeach chun tigh gréasaidhe maidin Dé Domhnaigh. Do bhí an gréasaidhe piocúighthe bearrtha ruimis. Dubhairt an gréasaidhe ná féadfadh Cearbhall rann a cheapadh go mbeadh na focail "Droichead na Banndan" agus "liathróid" ann.

— Déanfadh, arsa Cearbhall.

— Cuirim geall leat ná déanfir, arsan gréasaidhe, agus do chuir sé púnt airgid ar an mbórd. Do chuir Cearbhall púnt eile air, agus do chimeád sé a lámh ortha. Dubhairt sé an rann san, agus do sgiob sé leis an dá phúnt.

## SEAN-FHOCAIL.

Ní hiad na fir mhóra a bhaineann an fóghmhar.  
An comhgar chun a bhídh agus an timpal chun na hoibre.

An fear láidir nuair is maith leis é, agus an fear lag nuair fhéadfaidh sé.

(Míniughadh ar sin : is féidir leis an bhfear go mbeadh an chabhair agus an congnamh aige rud a dhéanamh nuair is maith leis féin, ach an té ná beadh cabhair ná congnamh aige, ní mór do an rud a dhéanamh pé uair fhéadfaidh sé é dhéanamh.)

Duine i mbaile nó baile i bparóiste.

(Míniughadh : dá mbeadh droch-dhuine i mbaile, do chosnóchadh na daoine eile iad féin air, agus dá mbeadh droch-bhaile i bparóiste do chosnóchadh na bailte eile iad féin ar an ndroch-bhaile sin).

Is binn béal ar siubhál, ach níor dhein béal 'na chomhnuighe aimhleas riamh.

An té nách ól do louirt ní hól do éshdeacht.  
 An rod gan leis er foyingi is feár er.  
 Do chahach än duini airigead, ach is fear gasda a  
 vaileóch é.  
 Tosàch luingi clár, agus tosàch sláinti cola.  
 Deri na luingi í vá, agus deri grá osna.

Ní héan cial har dahad ná neart har a deh fihad,  
 agus dá aid a vairhir ish ea is mó a chíhir.

Is feár súil le glas ná súil le hueg.

### RANA ER A BÓSA.

Dá mèach ba ig an gat, do pósí é,  
 Agus an cat ná bèach, amàch do shólfí é;  
 Tá iníon na cailí brachy pósda ó araer,  
 Agus gur mó bean deas nách feas cá ngeófar lé.

Ná mealach bár sbré hu gan chéli a hainghig led  
 húl,  
 A maishi is a méng is a gálta loruig er dúsh,  
 Bíoch gili 'na hádan agus péarla er ghluishi 'na súil,  
 Agus har vahiv a tael ish í an éli a chuirhig a clú.

Is mairig d'éngi chuirhach drémiri le craun ró-árd,  
 Faid a gheóch shé craun íshal a hroshach a lâv,  
 Craun cārhing dá írdi ásan bíon shearús 'na vár,  
 Agus go vásan úla agus cārha cūra er a graun is  
 íshli bláh.

Ferimeóir a ví aun, agus ví bert vac ige, agus ví an  
 vert a cuíneav er fósa. Ví triúr ban aun, bean óg  
 vreá, bean ná rciv ró vreá ach go roiv sevireas ici,  
 agus bayintireach ana-hevir agus claun ici. Do  
 chuir an vert vac an shgiál a góirli a n-ahar.

An té nách eól do labhairt ní heól do éisteacht.  
 An rud gan leigheas air foidhne is fearr air.  
 Do chaithfeadh aon duine airgead, ach is fear gasda  
 a bhaileóchadh é.

Tosach loinge clár, agus tosach sláinte codladh.  
 Deireadh na lounge í bhádhadh, agus deireadh  
 grádha osna.

Ní théigheann ciall thar dathad ná neart thar a  
 deich fichead, agus dá fhaid a mhairfir is eadh is mó  
 a chífir.

Is fearr súil le glas ná súil le huaigh.

### RANNA AR AN BPÓSADH.

Dá mbeadh ba ag an gcat, do pósfidhe é,  
 Agus an cat ná beadh amach do seólfidhe é,  
 Tá inghean na caillighe brachaidhe pósda ó aréir,  
 Agus gur mó bean deas nách feas cá ngeóbbfar léi.

Ná mealladh barr sbré thu gan chéile a thaithnfidh  
 led shúil,  
 A maise is a méinn is a gaolta lorg ar dtús,  
 Bíodh gile 'na héadan agus péarla ar ghlaise 'na súil,  
 Agus thar mhaithibh an tsaoghail is í an fhéile a  
 chuirfidh a clú.

Is mairg d'éinne chuirfeadh dréimire le crann ró-ard.  
 Faid a gheóbbhadh sé crann íseal a shroisfeadh a lámh,  
 Crann cárthainn dá aoirde fhásan bíonn searbhas 'na  
 bharr,  
 Agus go bhfásann ubhla agus caortha cumhra ar an  
 gerann is ísle bláth.

Feirmeóir a bhí ann, agus bhí beirt mhac aige, agus  
 bhí an bheirt ag cuimhneamh ar phósadh. Bhí triúr  
 ban ann, bean óg bhreagh, bean ná raibh ró-bhreagh  
 ach go raibh saidhbhreas aice, agus baintreabhach  
 ana-shaidhbhir agus clann aice. Do chuir an bheirt

Ba veasa lesh mac ná an mac eli, agus duert shé lesh :

A vic a chry atá er a duerishe aun,  
 Leogshi ghíot an chríon-vean chruég is a claun,  
 Agus goiv le mny na sguaba leouir,  
 Go vuil a ghá roshgín mar íor-uisgi úr a ngleaun.

Agus, er shishan, fayig bean duv agus bó ghoun agus tig a lúb churuig. Nuer iarhig an tarna mac de cad é an says mná a gheóch shé fén ish é a duert shé lesh ná bean vreaá a hóguint agus bó ván agus tig er árd.

Ní hé an vreaáhacht a chuirean an corcán er fiu-chuig, ersa máhir lena mac a ví a cuineav er chailín deas a fósa. Agus ní hé an vreaáhacht a chuineóch gan fiucha é, er shishan.

#### DUINI Á CHUR SAN UEG.

Mo chruatan an t-uegineas go lér am chú,  
 Er chrua-leabuig uer agus gan éadach fúm,  
 Nuer a vuelid na slueshdí an chré er mo chúl,  
 Mo chruatan glueshid go lér chun shúil.

#### PAIDIREACHA.

Go duguig Mac Muiri na Ngrás dúing cahav is fáil

Agus shgiling a n-áit a chéli.

Le hagala na houn a veh doying,

A Rí na foyingi, glac mo láv,

Le hagala na tuili veh triàn,

A Vuirí, fiàch agus ná fág.

(Dertear dá n-abarófá é shin er ghol er bórd luingi nú báid doit ná báifí hu.)

Couir agus cáil agus grásda ó Ghie chúing,

Agus couir gach lá agus táim á iarúig,

Sácrúimint na hairhí go nearty Die ling,

Agus comary v'anam' ort, a Vuirí Vayintiarna.

mhac an sgéal i gcomhairle a n-athar. Ba mheasa leis mac ná an mac eile, agus dubhairt sé leis :

A mhic a chroidhe atá ar a dtuairise ann,  
Leig-se dhíot an chríon-bhean chruaidh is a clann,  
Agus gabh le mnaoi na sguabadh leabhair,  
Go bhfuil a dhá roisgín mar fhíor uisge úr i ngleann

Agus, ar seisean, faigh bean dubh agus bó dhonn agus tigh i lúb chorraigh. Nu. ir fhiarfaigh an tarna mac de cad é an sadhas mná a gheóbhadh sé féin is é a dubhairt sé leis ná bean bhreagh a thógaint agus bó bhán agus tigh ar árd.

Ní hé an bhreaghthacht a chuireann an corcán ar fíochaigh, arsa máthair lena mac a ví ag cuimhneamh ar chailín deas a phósadh. Agus ní hé an bhreaghthacht a choineóchadh gan fíochadh é, ar seisean.

#### DUINE Á CIUR SAN UAIGH.

Mo chruatan an t-uaigneas go léir am chumha,  
Ar chruaidh-leabaidh fhuair agus gan éadach fúm,  
Nuair a bhuaílíd na sluaisde an chré ar mo chúil,  
Mo chruatan gluaisid go léir chun siubhail.

#### PAIDREACHA.

Go dtugaidh Mac Muire na nGrás dúinn caith-  
eamh is fágáil,  
Agus sgilling i n-át a chéile.

Le heagla na habhann a bheith doimhin,  
A Rí na foidhne, glac mo lámh,  
Le heagla na tuile bheith tréan,  
A Mhuire, féach agus ná fág.

(Deirtear dá n-abróchthá é sin ar dhul ar bórd loinge nó báid duit ná báidhfídhe thu.)

Cabhair agus cáil agus grásda ó Dhia chughainn,  
Agus cabhair gach lá agus táim á iarraidh,  
Sácramaint na haithrighe go neartuighe Dia linn,  
Agus comairghe mh'anam' ort, a Mhuire Bhain-  
tighearna.



## CEACHTANNA.

I.—*Ah-shgrív an giuta so sa ghnáh letiriú :*

### LÍON AGUS LEÓR

Líon a n-ionad an olavuihi agus leór mar chorham ó Ísa,

'S is minic a fuer cry gan dochma ní 'na ghoran nár shilag.\*

II.—*Ath-sgríobh an giuta so sa leiriú símplí :*

### BÉALBHACH BÉARLA.

Tadhg : Is dóich liom go bhfuil sé buailte isteach go daingean i n-aighe na ndaoine is tuisgionaighe sa n-obair, ná fuil ag Éire ach a rogha de dhá nídh, an Ghaeluinn, a h-úrlabhra féin, do chimeád 'na béal, agus seasamh ar a cosaibh féin i láthair Dé agus an tsaoghail, nú a h-úrlabhra féin a chaitheamh uaithe ar fad agus béalbhach Béarla chur 'na béal chúichi, agus ansan an marcach Gallda bheith ar a muin aici go deo. Má chuirean sí an bhéalbhach as a béal cuirfidh sí dhi an marcach uair éigin, luath nú mall. Má tuigtear i gceart an nídh sin leanfar de'n obair agus déanfar í i ndeire bára.—An t-Athair Peadar i *Sgothbhualadh*.

III.—*Ah-shgrív an raun so sa ghnáh letiriú :*

### GEÓD LIUM SDÓIRÍN.

Bean doracha ní hócuing-shi fén mar vny,  
Bean tolasvar ní volhing is ní cháinling í,  
Iníon a voduíg a dá choda ní hócuing í,  
Ach geód-sa lium sdóirín atá go ceólvar bíng.

Bean doracha : bean a vèach a fiarhí agus ná neósach piuc.

\* Rod ná roiv cuingi íge go vaych shé é.

IV.—*Ath-sgríobh an giuta so sa leitríú símplí :*

## UISGE AS AN gCARAIG.

Ansan d'árduig sé a lámh agus bhuaile sé an charaig dhá uair agus do ghluais caise líonmhar uisge amach as an gearaig i dtreó gur óladar na daoine agus na beithidhigh a ndóithin mór uisge agus gur baineadh an tart díobh go h-iomlán. . . . . Bhí an dachad blian nach mór caithte um an dtaca san agus do thosnuig clann Israéil ar iad féin d'ullmhú agus do chur i dtreó chun dul isteach, fé dheire thiar thall, sa tír a bhí geallta dhóibh an fhaid sin aimsire agus go mbeidís socair istigh ann dachad blian roimis sin mar a mbeadh a stuacacht agus a neamhfhoidhne féin, agus na droch bhéasa do thugadar leo aníos as an Éigipt.—An t-Athair Peadar i *Sgéalaidheacht as an mBíobla Naomhtha.*

V.—*Ah-shgrív an dá viàrsa so sa ghnáth leitríú :*

## GALAR AN GHRÁ.

Mo chreach is mo shgís 's is cluifí an galar an grá,  
'Gus is mairig go míon shé er mí nú shachduin nú lá,  
Chuir shé osna am' chry is do líon shé an t-osna ví  
am' lár,

Veh a machnav is a cuíneav er a mny ná tuigean  
mo chás.

Do casag slua shí oram shys ige sheanbaili an Chláir,  
Is disaras díov cad é an ní do leishach an grá,  
Do louir bean shí lium go cuím go cneasda is go tláh :  
Nuer a héan insa chry ná bíon fáil har n-aish er  
go brách.

VI.—*Ath-sgríobh an giuta so sa leitríú símplí :*

## AN NEART IS TREISE.

Donnchadh : Agus cad a dhéanfá féin ? Níl aon ghrádh agut do chomhacht Shasana i n-Éirinn ach oiread agus atá agum-sa.

Tadhg: Féach ad' thímpal, a Dhonnchadh, ar an ndomhan, mar a chruithnigh Dia é. Tá nearta móra ag oibriú ann, ins gach aon treo, coitchianta. Tabhair fé ndeara an méid seo. Na nearta ná feictear agus ná mothuighítear is iad is treise dh' oibrighean agus is iad is fairsinne agus is doimhne toradh. Ní mothuighítear an neart a chuirean ag fás an brobh féir, ach is treise é ná an neart atá sa tóirthnigh. Cuirean an neart ná mothuighítear an fás ar siubhal ar gach aon órlach de thalamh an domhain mar a bhfuil ithir agus fliuchra agus teas gréine. Ní raibh tóirthneach riamh chomh láidir leis an neart san go léir. Tá fás ar siubhal anois i n-Éirinn, fás aigne. Tá ag teacht, os comhair ar súl, ar an bhfás aigne sin, toradh nirt atá ag baint ó chomhacht Shasana i n-Éirinn ar chuma nár baineadh riamh fós ó'n gcomhacht san le guna ná le claidheamh ná le píce, pé 'cu sa lá nú sa n-oidhche a deineadh iad.—An t-Athair Peadar i *Sgothbhualadh*.

VII.—*Ah-shgrív an giuta so sa ghnáh leiriú :*

### CEÁRD NA MEACH.

Dá lyd le rá na beacha do fuaradar ceárd vrea varha,  
Do hep er úduir vaha a fouluim insa léan,  
Le líng na gréni tainghav bailíd leo a guid meala,  
Mar sdór a goír a caiti sa ghíri le céil.

*Ah-shgrív e sho sa ghnáh leiriú :*

### SLÁINTI.

Sláinti is shéan chút. Freagra: Shidí sláinti a vuil láirhach agus a garuid go lér is gura feár shing amáireach ná er maidin iné.

VIII.—*Ath-sgríobh an giuta so sa leiriú simpli :*

### BEIRT AR CHLIATHÁN SLÉIBHE.

An chéad fhear: Halo! Cé hé thusa?

An dara fear: Mise me féin, agus cé hé thusa?

An chéad fhear: An deamhan an dóich liom go bhfeadar cé hé me féin ná cé hé aoinne eile! Ceocu soir nú siar atá ár n-aghaidh?

An dara fear: Ní hí sin an cheist, ach ceocu ó thuaidh nú ó dheas atá ár n-aghaidh? Ní féidir liom a dhéanamh amach cá bhfuilim ag gabháil.

An chéad fhear: Is maith an bhail ort ná fuil a fhios ag Meidbh tu bheith ag gluaiseacht mar sin ar seachrán. Dá mbeadh a fhios aici ba ghearr go múinfeadh sí dhuit cé hé thu.

An dara fear: Ní fheadar an tsaoghal cad tá orm. Measaim gur ghabhas an bóthar so seacht n-uaire ó mhaidean?

An chéad fhear: Ní fhéadfá an bóthar so do ghabháil i n-aon chor ó mhaidean i gan fhios domhsa. Táim ag gabháil an bhóthair seo ó mhaidean ag fille 's ag aith-fhille air, agus ní fheaca thusa go dtí an neómat so. Cad as tu, le d'thoil?

An dara fear: Ó chois Leamhna sa Mhumhain. Agus dá mbeinn ann arís ní thiocfainn as. Tar éis a tuigtear gach beart.

(An t-Athair Peadar i *dTáin Bó Cuailnge 'na Dhráma.*)

IX.—*Ath-sgríob an dá raun so sa ghnáh-letiriú:*

#### GHÁ RANN.

Is tu É agus mac d' É, agus iníon d' É do vâhir,  
Is tu m' ear, is tu mo vac, is tu mo ghearavrâhir.

Is íving an sâl ig an té nár ceangalag fós,  
Go vuil a vé lena häv agus râl agus shgiling len ól,  
A hata mín cíoruv agus a vríshdi den aishon víon nó,  
Agus ní mar sin a víon, bíon eís na haingishi 'na chló.

X.—*Ath-sgríobh an giúta so sa leitiriú simplí:*

#### BREIS CRUADHTAIN.

Nuair airigh Maois an chainnt sin agus nuair a chonaic sé an cor a bhí ar na daoine tháinig brón

ar a chroidh e. Th ainig eagal air gur v'as an gcuma 'n-ar dhein s e f ein an obair a th ainig an d iobh ail. Th ainig cah u air gur tugag a leith eid d'obair riamh le d eanamh d o. Do chaith s e  e f ein ar an dtalamh i l athair an Tighearna 'gh a r adh go h-unhal gur through mar a chuir Dia an c uram san i n-aon chor air. "Do labhras, a Tigh-arna," ar seisean, "ad' ainm-se i l athair Phar o. T a pion os curtha ag Phar o ar do dhaoine agus n ilir 'gh a bhfuasgailt!"

"B iodh foidhne agat!" arsan Tighearna leis, "agus chifir cad a dh eanfad-sa le Phar o. Deir s e n a leogfidh s e uaidh iad. Leogfidh. N i headh, ach com ainfidh s e uaidh go fonnmhar iad sar a mbead-sa sgartha leis."—An t-Athair Peadar i *Sg ealaidh-eacht as an mB iobla Naomhtha*.

### XI.—*Ah-shgriv an giuta so sa gh nah letiri u:*

#### AN LETIRI U.

N i fl air n u t a an Gh aluing ana chruag le fouluim. N i v ach an iread san du ini  a cahav uaha d a m each sh i shimpl i. Chim id fir  oga agus mn a  oga a ly ishde ach er a fouluim go cry d aiririv, agus chim id irish iad, tar  esh na mlianta, b edir, ag cir i  as go do-h asda. T a rayint r aiti ac u agus rayint focal ac u, ach go dein f en n i cayinteoir i G aluingi iad. D'eirig le o cysach mah an aid is v i m uinteoir  a deagasc, ach ch o luah d ireach is v i a ghroum buelti le o, agus n a roiv de v uinteoir ac u ach leour, do hit a lug er a lag ac u. . . . . B ion du ini a myv as an letiri u deas  orn aideach at a er an Ng aluing. N i chuirean san  an  una oram. V i na du ini shin ch o fada  a ouluim go ma vah lium go m each rod  igin ac u le myv  as tar  esh a s ehir. B ion aicmi du ini eli a mola an letirihi—du ini ueshli—du ini a ghinean m or an cayinti a d av na G aluingi ach n a louran focal d i. Mo val achtsa er an letiri u  orn aideach er  an chuma! Is beog n a go vuil an Gh aluing marav ige.—Sh an Mac M a a n Gl or na Ly.

XII.—*Ath-sgríobh an giuta so sa leitríu símplí :*

## GLEANN BEAG ÁLUINN.

Deirtear gur ghleann beag ana dheas gur bh'eachd an gleann beag i n-a raibh Nasaret suidhte an uair sin; ná raibh aon áit i dtír Phalestín ba dheise ná é. Bhí an baile beag suidhte ar chliathán enocáin ar an dtaobh thoir de, agus mar bhéadh fáinne de chnocánaibh eile mórhímpal ar an genocán san, lasmuich den bhaile bheag, ar an dtaobh thoir, agus iad clúdaithe le coilltibh, agus Machaire Esdrelóin ar leatha natha san soir, agus an machaire sin go breagh glas, féarmhar, saidhbhir. Lastoir den mhachaire sin bhí, mar atá fés, an loch ar a dtugtar loch, nú muir, Thibériaís, laistiar den chnoc ar a raibh Nasaret suidhte bhí an enoc áluinn úd ar a dtugtí Cnoc Chármeil, an cnoc ba bhreaghtha d'á raibh le feisgint i n-aon áit an uair sin; laistiar den chnoc san, an fharaige mhór, an Mhuir Thorriann. Nuair a bhíodh sí ag séide isteach ón bhfaraige sin agus ag tabhairt sláinte do gach aon rud beó, agus do gach aon tsaghas fáis d'á raibh ag teacht tríd an dtalamh. Gaoth na faraige ainiar agus solas na gréine anoir, agus iad ag obair i dteannta chéile, chuiridís maise ar choilltibh, agus ar ghlasaraibh, agus ar bhláthanaibh, agus ar bheithidheachaibh agus ar dhaoínibh. Do tugtí fé ndeara gur rug mná Nasaret buadh i mbreaghthacht agus i ndathamhlacht, agus i maiseamhlacht pearsan, ar mhnáibh Phalestín eile go léir. Agus deirtí gur bh'í Muire Mháthair, nuair a bhí sí n-a comhnuidhe 'n-a measg, do bhronn ortha an buadh maiseamhlachta san. Sa n-áit áluinn sin iseadh do chaith an Slánuightheóir a shaoghal go dtí go raibh sé dhá bhliain déag d'aois.—An t-Athair Peadar i *gCrist Mac Dé*.

XIII.—*Ah-shgrív na ráiti sho sa ghndh letiriú :*

## SEAN-OCUIL.

Ná roying an fie go dí go me shé er chosh agut.  
Is measa ghoit do chórsa le t-aish ná do ghuini  
vuíntearha avađ uet.

Do chuireasa mo hoil lena toil, is do ghluashamuir  
arän, agus is minic a vuin bean slat a vuelhach í  
fén.

Is mó lá vion a mlien is fíhi agus níl än lá acu ná  
tagan.

[Dá nineach duini droh-veart ad chuingiv agus  
go niarfá at aigni fén go diucfá suas lesh ar shlí  
égin, ansan diarfá ós árd an abúirt sin.]

Is fada a vion an fear a fás agus is gearid a vion  
an bás á hlad.

Na trí trua is mó amùh : , óigi gan smachdú,  
ueshli gan beahú agus críonacht gan airhí.

Ní gá an fayb : ghiänhach meyg an gnó.

[Fear a vèach a louirt go blaymanach diarfá é  
shin lesh.]

XIV.—*Ath-sgríobh an giuta so sa leitriú simplí :—*

## CEANN LEÓIN.

Níor bh'aon iongnadh go ndubhairt Gormfhlaith  
an chainnt adubhairt sí i dtaobh an fhir a bhí os  
a cómhair an uair sin. Fear, córach deagh-chúmtha  
ab eadh é. Bhí ualach trom gruaige ar a cheann  
agus í ag tuitim anuas ar a shlinneánaibh. Gruaig  
chiardhubh ab eadh í, agus bhíodh sí ag crith agus  
ag taitheamh sa tsolas le gach focal dá labhradh  
sé. Bhí dhá mhalainn throma dhubha os cionn a  
dhá shúl agus bhí an dá shúil sin suidhte 'n-a cheann,  
gan iad ró mhór ná ró bheag, agus an té a dh'  
fhéachach díreach 'n-a gcóinnibh níor mhaith leis  
fearg a dh'fheisgint ionta.

Ba dhóigh leat go mbíodh sgáil éigin, agus solus  
éigin, coitchianta ag lasadh agus ag atharughadh

ionta, fé mar a bheadh gaoth agus sgamail agus solus, lá cruaidh Marta. Bhí fáibre doimhinn idir an dá mhalainn fé mar a bheadh i n-éadan leóin, agus srón mhór fhada sheabhcaidhe chaoldromach anuas ar an bhfáibre, agus béal láidir daingean lastíos den tsrón sin, béal a bhí lán d'fhiacalaibh breaghtha geala a bhí do réir a chéile go cruinn, agus gur dhóich leat go ndeinidís solus uatha féin nuair a ghéireadh sé.

Bhí an croméal trom ciardhubh os cionn an bhéil agus an fhéasóg throm chiardhubh chas lastíos den bhéal. Idir ghruaig agus mailí agus fáibre éadan agus súile agus srón agus croméal agus béal agus fiacala agus féasóg agus ceann ar fad, bhí rud éigin sa bhfear san a chuir i n-iúil duit, ar an gcéad amharc, gur mhaith an bhail ort é bheith 'n-a charaid agat, agus dá mbeadh sé 'n-a namhaid agat gur mhaith an bhail ort bheith a bhfad uaidh.

Bhí cosamhlacht mhór idir a cheann agus ceann leóin, agus ansan, ba léir go raibh cruadhas agus anam agus neart agus fuinneamh an leóin 'n-a chabhail agus 'n-a ghéagaibh, agus dá mba namhaid é go mbeadh sé chomh tapaidh agus chomh marbhuightheach leis an león. Bhí aithne mhaith ag na Lochlanaigh air agus sin í aithne a bhí acu air, go raibh sé chomh tapaidh agus chomh marbhuightheach leis an león.—An t-Athair Peadar i *Niamh*.

XV.—*Ah-shgrív an dá viàrsa so sa ghnáh letiriú :—*

### AN SAYIDIÚIR.

Ba ghó led' vâirhín, á méach shí láirhach,  
 Nuer a rayfá a côrac sa choga chrueg,  
 Na plér gur ghó lé go ngeóch 'na dóirniv  
 Nú a mean a clóca á gimeád uet,  
 VÍ a cry ishdig dóiti is a híniting ró lag  
 A nieg a stóruig d'imig ueng,  
 Fear fiún gleóiti 'gus buachuil óg deas,  
 Go roiv sgáil a rósh 'na leacuín huere.



Is beog an iúna ghôsa inísh veh brónach,  
 Is veh a dāv le Nóra 'núr nieg go lér,  
 Míhál is Dónal d'imig rôtsa,  
 A chueg a feóch ueng shís ff'n gré,  
 Níl tránhóna ná maidean ró voch,  
 Ná go shilim deoir nuer a vím lium hén,  
 Is go deín is dócha nách buan 'núr nóig me,  
 Is á vreáhacht ceólha n'fór víng lium é.

—Áulúiv Ó Luingshi do chúm.

XVI.—*Ath-sgríobh an giuta so sa leitriú símplí:—*

### ÛMHLUIGHEACTH AGUS UABHAR.

Níl aon chuma is fearr 'n-a bhféadfaimíd maitheas na h-úmhlúigheachta dh'fheisgint 'ná má chuirimíd os comhair ár súl olcas an uabhair. As an uabhar is eadh fhásan an uile shaghas uile. An t-uabhar isé a chuirean duine ag formad le n-a chómharsain. As an bhformad san tagan fuath do'n chómharsain, agus fearg, agus mioscais, agus cúlchainnt, agus tromaidheacht; agus ansan, dlígh agus clampar agus fuil.

As an uabhar a dh'fhásan an tsainnt. Ní bheadh leath beann ar an airgead ag fear na sainnte mura mbeadh go dtuigean sé i n-aigne go gcuirfidh an t-airgead ar a chumas bheith níos aoirde 'ná duine eile, agus níos uaisle, dar leis féin. Ar ball, nuair a théighean an tsainnt i n-achran i gceart 'n-a chroidhe, ní chuimhnighean sé ar uaisleacht ná ar ísleacht ach ar an airgead féin. Ach isé an t-uabhar a thcsnuig an t-olc. Mar sin do gach sórd aimhleasa d'á ndeicéan an duine, ar an saoghal.

Isé an t-uabhar a chuirean an chéad droch lámh sa dhuine. Is gach uile é i geroidhe an duine. Is leasughadh saidhbhir é do gach droch intinn agus do gach droch mbian agus do gach droch bhéas. Is nimh marbhúightheach é do gach sobháilce diadha, do gach intinn mhaith, do gach deagh bhéas, do gach deagh-shampla, do gach deagh-chómhairle,

do gach cogar fóghanta d'á labhran grásta Dé istigh i geroidhe an duine.

Ar an dtaobh eile dhe, isí an úmhluigheacht a mhúchan agus a mhilleán agus a mharbhuigheán an t-uabhar. Isí an úmhluigheacht bun-phréamh gach maitheasa i geroidhe an duine. Neartuigheán sí creideamh agus dóchas agus carthanacht. Tugan sí cead cinn do gach intinn mhaith, breis ghreama do gach deagh bhéas, breis toradh do gach deagh-shampla, feidhm níos treise do gach deagh-chómhairle, agus deineán sí guth árd de'n chogar a labhran grásta Dé i geroidhe an duine.—An t-Athair Peadar i *Seanmóin agus Trí Fichid*.

XVII.—*Ah-shgrív an dá viàrsa so sa ghnáth letiriú :—*

### DIARMUID Ó LAERI.

A Ghiarmuid Í Laeri duert aingir na gräv lium,  
 Go dainghach do shgév lé is do ghny  
 Ach gur b'é der a gälha, á dúrhidísh spré ghoit,  
 Ná cuirfá-sa í a n-éfeacht ná a gríh;  
 Mar go vuileán tú éadaram ärach ad' hlí,  
 Tuca do véhi is do vränacha dí,  
 Is gur b'é der gachéngi go roush ar an raeci,  
 Bo vó ví nlovlaeri led' líng.

Adavuím féinig go vuilim buil' ärach,  
 'S gur ghúchas dom é ón gluíng my,  
 Is ná cred-shi ód ghälha, á duguídísh sbré ghom,  
 Ná cuirhing í a n-éfeacht is a gríh;  
 Do ghrafuing, do räpuíng, do ghéanhing a cly,  
 Is do vuinhing a féar gan mo ghéaga do hny,  
 Do choiriceóing ään ear er lár fáire an änuig,  
 Is ní féar mar a vréacuing cailín,

(Diarmuid Ó Laeri, driháir do Váiri Vy, do chúm dò féen.)

XVIII.—*Ath-sgríobh an giuta so sa leitríú simplí:*

D'OSGAIL AN TALAMH.

An túisge 'n-a raibh an focal deirineach tagaithe a' béal Mhaoise d'osgail an talamh fé n-a gcosaibh-sin agus do sloigeadh síos iad féin agus a gcábán agus gach ar bhain leó! Do dhún an talamh airís os a gcionn agus níor fhan aon rian díobh os cionn tailimh ach chómh beag agus dá mba ná beidis ann riamh. Nuair a chonaic na daoine dh'á slogadh agus dh'á súghadh síos sa talamh iad agus nuair airighdar an sgreadach nímhneach a chuireadar asta ag dul síos dóibh, do ritheadar chun siubhail mórthimpal le sgannra sar a sloigfí síos iad féin. Le n-a linn sin do ghluais teine amach ó'n dTighearna agus do loisg sí an dá chéad agus deichneabhar agus dachad fear a bhí ag ofráil na túise in sna túribulaibh. —An t-Athair Peadar i *Sgéalaidheacht as an mBiobla Naomhtha.*

XIX.—*Ah-shgrív an giuta so sa ghnáh leitríú:*

“SHEANDÚN.”

Táim inish er háirshig mo gheh bliana is trí fihid. Is dócha gur a duerim a shacht nú a hocht de vliantuiv is gnáhy cuíni nú meaur cing a heacht do leanav. Tá cuíni agùm, ach cuíni tayiriv, mar a diàrfá, ish ea é, er rayint sayidíúirí veh a Machroumha, agus is dó lium go duigim inish cad fé neár iad a veh aun an tráh úd. Do raer mar a higim an shgiál inish, trésh mar a chuala a gahav na mlianta, is dó lium gur chun lucht leanúna John Mitchell do chur fé chosh do víodar aun. An chiád rod eli do hit amach gur fiú lium teacht hairish, duini cluingi do heacht ar an sál do Hiarna Veantry. mac ab ea é. Hedges White ab ainim don ahir. 'Níe sun ish ea chue shé a dedeal an iarlachuis . . . . . Tamal égin 'na ghie sun d'imíodar mar ba ghnáhach

leó a góny go Sasana nú áit égin har faruigi ag ärycht dóiv fén. An aid a víodar amuh an tráh úd do háinig galar égin er leanuiv na sráidi, agus le líng an ghaluir veh aun do chuireadar shgiäl avàili an cuisleán veh olav 'na góir mar go roiv ceapuihi acù teacht avàili. VÍ dochdúir 'na chóny sa tráid an uer úd gur v'ainim dó Dochdúir Crúc. Do shgrív an Dochdúir Crúc chúha á reá leó gan teacht avàili toishe an ghaluir veh er leanuiv na sráidi, agus go guirhach shé shgiála chúha nuer a vèach an galar imihi. Agus do chuir a giún tamuil, trésh an ghaluir a veh imihi, agus ish iad a ví go bäch dè, ní nách úna—"Sheandún" a nGlór na Ly.

XX.—*Ath-sgríobh an giuta so sa leitríú simplí :*

### CLEAS COGAIDH.

D'iompuigh clann Israéil go léir d'aon iompáil amháin agus thugadar aghaidh ar a namhaid. Ní raibh aon choinne ag an namhaid leis an iompáil sin ná leis an neart a bhí sa n-iompáil ná leis an bhfuinneamh a bhí léi. Thuigeadar láithreach agus iad ag tuitim go tiugh, nár bhféidir dóibh seasamh i gcoinnibh an nirt sin. Thugadar iarracht ar dhul thar n-ais isteach sa chathair. Nuair fhéachadar i dtreo na catharach ní raibh le feiscint acu ach an sgamal mór dubh deataigh ag imtheacht leis an ngaoith agus na bladhma dearga lasrach ag cirighe suas tríd an spéir as gach aon pháirt den chathair. Ní fada a bhíodar ag féachaint ar an lasair nuair siúd chúcha amach as an geathair an chuid ba mhó den deich míle fichid fear a bhí tar éis na catharach do thógaint agus do chur tré theine. Níor bhfada gur thuit an uile dhuine riamh d'fhearaibh na catharach nuair a bhíodar idir an dá shluagh agus bás dh'á imirt ortha lasmuigh dhíobh agus laistiar díobh. Do thuiteadar go léir agus bhí an chathair agus a raibh de shaidhbhreas imte ag clainn Israéil. —An t-Athair Peadar i *Sgéalardheacht as an mBíobla Naomhtha.*

## CEISTEANNA.

Tabhair freagraí ar na ceisteanna so :—

1. Conas a deintear an anáil ?
2. Conas a deintear glór den anáil ?
3. Conas oibrítear an carball bog chun fuaimeanna srónacha do dhéanamh ?
4. Conas a deintear na gutaí do chuma ?
5. Cad é an difrigheacht atá idir ghuta agus consan ?
6. Cad is dé-fhogharach ann ?
7. Cuir síos ar an ndifrigheacht atá idir na fuaimeanna caola agus na fuaimeanna leathna.
8. Cad iad na bun-difrigheachta atá idir labhairt na Gaedhilge agus labhairt an Bhéarla ?
9. An mó guta sa Ghaedhilg ? Sgríobh na comharthaí foghraigheachta a ghabhann leo. Cad iad na cinn gur ceart aire fé leith a thabhairt dóibh i dtreó go mbeid siad go blasta ag na macaibh léighinn ?
10. An mó saghas dé-fhogharach sa Ghaedhilg ? Conas aithnítear gach saghas díobh ? Sgríobh na comharthaí foghraigheachta a ghabhann leo.
11. Cad is stop ann ? Cad iad na stopanna atá sa Ghaedhilg ?
12. Cad is consan srónach ann ? An mó ceann díobh sa Ghaedhilg ?
13. Cad is consan séimhithe ann ? An bhfuil aon rud speisialta le rádh agat i dtaobh na gconsan séimhithe sa Ghaedhilg ?
14. An bhfuil aon difrigheacht idir an gcuma 'na ndeintear na beolacha (*labials*) sa Ghaedhilg agus i mBéarla ? Má tá, mínigh é.
15. An mar a chéile an chuma 'na ndeintear *f* agus *v* sa Ghaedhilg agus i mBéarla ?

16. Dein peictiúirí a theasbeánfaidh cá mbíonn barr na teangan le linn *d* sa bhfocal Gaedhilge *dó* agus sa bhfocal Béarla *do do dhéanamh*. Cuir síos ar na déadacha (*dentals*) go léir sa Ghaedhilg.

17. An bhfuil aon fhocail i mBéarla na hÉireann a thabharfadh cabhair duit chun *l* agus *n* leathan na Gaedhilge do mhúineadh? Má tá, sgríobh iad i mBéarla féin agus do réir leiriú foghraigheachta na Gaedhilge.

18. Cá mbíon barr na teangan i gcóir *s* na Gaedhilge?

19. Cad iad na fuaimanna atá sa bhfocal *síos*?

20. Dein peictiúirí a teasbeánfaidh cá mbainean an teanga leis an gearball le linn *g* a dhéanamh ins na focalaibh Gaedhilge *aige* agus *agaibh* agus sa bhfocal Béarla *give*.

21. An bhfuil aon fhuaim i mBéarla a thabharfadh cabhair duit chun *c* séimhthighthe caol na Gaedhilge do mhúineadh? Má tá, cad é an fhuaim é, agus innis conas a thabharfadh sé cabhair duit.

22. Innis rud éigin i dtaobh *c* leathan séimhithe agus *g* leathan séimhthighthe agus cuir síos ar an gcuma 'na ndeintear iad.

23. Conas a mhúinfá *r* caol na Gaedhilge?

24. An bhfuil aon ní le rádh agat i dtaobh *h* sa Ghaedhilg?

25. Cad é an difrigheacht atá idir *m*, *n*, *l*, *r*, *ng* glórach agus *m*, *n*, *l*, *r*, *ng* análach? Conas a mhúinfá na cinn análacha?

26. Cad is sleamhnán (*glide*) ann? Tá focail aon tsiolla amháin ann agus sleamhnáin ionta agus gur deacair do Bhéarlóiríbh iad a rádh i gceart. Tabhair somplaí uait, agus innis conas a mhúinfá iad.

27. Conas a mhúinfá an *pr* caol agus an *br* caol ins na focalaibh *priocadh*, *preab*, *breóidhte*, agus *Brian*?

28. Conas a mhúinfá an *cr* caol ins na focalaibh *crioch* agus *críona*; an *gr* caol ins na focalaibh *greim* agus *grian*; an *chr* caol ins na focalaibh *chré* agus *Chríost* agus an *ghr* caol ins na focalaibh *ghrian* agus *dhriotháir* (*ghríháir*)?

29. Cad tá le rádh agat i dtaobh *cl* agus *gl* leathan agus *chl* agus *ghl* leathan i dtosach focal? Conas a mhúinfá iad?

30. I labhairt na Gaedhilge sleamhnuighean na focail isteach 'na chéile uaireanta agus tuitean fuaim lag ar lár. Sgríobh somplaí a chuirfidh san in-úil.

**CEACHDA BEOGA GÄLUINGI**—Reading Lessons for Beginners. Compiled by Norma Borthwick. With Illustrations by Jack B. Yeats. Edited in Simplified Spelling by Osborn Bergin, Ph.D. Book I. 2d. ; by post 2½d. Book II. 2d. ; by post 2½d. Book III. 4d. ; by post 5d.

**SHLIAV NA MAN VIÜN.** Two short stories by Canon O'Leary, divided into chapters, with complete Vocabulary at the head of each chapter. 4d. ; by post 5d.

**ÆSOP'S FABLES IN IRISH.** By Canon O'Leary. Book I., edited in Simplified Spelling by Osborn Bergin, Ph.D. 8d. ; by post 9d.

**SHIANA.** Canon O'Leary's great story in Simplified Spelling. 1s. 6d. ; by post 1s. 9d.

**CUINE AIRT Í LAERI.** Beautiful elegy on the death of Arthur O'Leary. By his Wife, Eilín Duv ní Chonuil. Edited by Shán Ó Cuív. With an Introduction in English and a Vocabulary. 1s. ; by post 1s. 1d.

**CATILINA.** Canon O'Leary's translation of Sallust's "Catiline." A charming gift book. 2s. ; by post 2s. 2d.

**ESHIRT.** Canon O'Leary's modernisation of a Lilliputian Story from early Irish. Edited with Vocabulary and Notes and Paradigms of the Verbs. 2s. ; by post 2s. 2d. The text only, 1s. ; by post 1s. 2d.

**AN CHROING VUIRI.** The Rosary in Irish. By Canon O'Leary, in ordinary Gaelic Spelling and Simplified Spelling on opposite pages. 2d. ; by post 3d.

**AN TEAGA SC CRISDY.** The Catechism, etc., in Irish in Simplified Spelling, according to the pronunciation of Canon O'Leary. 3d. ; by post 4d.

**FICHE DUAN.** Twenty Gaelic poems by leading authors, from Béaslaí to Keating. In ordinary Gaelic Spelling and Simplified Spelling on opposite pages. 1s. 6d. ; by post, 1s. 8d.

**ÁR NÓHIN ARÄN.** Seven short stories by Canon O'Leary in Simplified Spelling, indicating the Author's pronunciation, and English translation. 1s. ; by post 1s. 2d.



**CÚIRT NA DÁLA.** By Shán Ó Cuív. This book contains two short stories in Irish in ordinary spelling and simplified spelling face to face, and a series of questions on the text to familiarise students with construction and give them fluency in transposition from one tense to another, and from direct to indirect narration, etc. The stories themselves deal with modern life in Ireland and are attractive reading. They introduce a useful vocabulary for the teaching of declensions and conjugations from the text. An admirable book for senior standards in primary schools and junior standards in secondary schools. 6*d*.

**FICHE DUAN.** An anthology of twenty poems of the Modern Irish period by the best authors, beginning with a poem by Piaras Béaslaí and going back in chronological order to Keating's poem on the Flight of the Earls. Selected both for their literary and linguistic content, these poems are an excellent introduction to the study of Modern Irish poetry. They are varied in subject and treatment, and introduce a great number of metres. They contain many moulds of Irish speech, which makes them very useful for teaching the language as well as the literature. In Gaelic and Simplified spelling. Edited with notes and an explanation of the metre of each poem by Shán Ó Cuív. 1*s*. 6*d*.

**THE IRISH VERB SIMPLIFIED.** By Osborn Bergin, Ph.D., and Shán Ó Cuív. Two specimen verbs, one in the first conjugation and the other in the second, classified in parts according to the different moods and tenses, with an idiomatic sentence for each part showing how the verbs are used by the best speakers and writers of Irish. The sentences for each verb are connected in sense, so that they can be easily memorised and provide models of the best usage. In Gaelic and simplified spelling on opposite pages. 2*d*.

**SGÉALTA Ó FILI NA RÓMHA.** By Dómhnall Ó Mathghamhna. This is a series of stories from the Latin poets, now told for the first time in Irish. They introduce students to a section of the world's greatest literature through Irish, and, while enriching the Irish language, provide refreshing reading. They are told in pure, idiomatic Irish. An ideal class book for Irish schools and colleges. Ordinary and simplified spelling facing. 1*s*. 6*d*.

**CAOINE AIRT UI LAOGHAIRE.** This beautiful elegy on the death of Art Ó Laoghaire by his wife, Eilín Duv Ní Chonail, is one of the finest compositions in Modern Irish. The metre is simple, and there is much less inversion of the prose order of the words than in lyric poetry. It contains many of the moulds of speech used in conversation and, for this reason, is most suitable as a text to be memorised by learners. Edited by Shán Ó Cuív. With an introduction in English and vocabulary. Gaelic and simplified spelling on opposite pages. 1*s*.



L05212-F

32132

simf

quinq

simf -

simf



